Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2018**
**(OR. en)**

**7407/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0060 (COD)**

**JAI 246**
**JUSTCIV 70**
**EF 86**
**EJUSTICE 19**
**ECOFIN 271**
**DRS 16**
**COMPET 177**
**EMPL 121**
**SOC 161**
**CODEC 429**
**IA 73**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 134 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 134 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 134 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2018
COM(2018) 134 final

2018/0060 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2018) 73 final} - {SWD(2018) 74 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Cuid thábhachtach den obair atá á déanamh chun Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a neartú is ea an togra seo. Trí chóras airgeadais níos comhtháite a chur i bhfeidhm, méadófar a athléimní atá an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta in aghaidh turraingí díobhálacha trí chomhroinnt phríobháideach rioscaí a éascú thar theorainneacha agus tríd an ngá atá ann le comhroinnt phoiblí rioscaí a laghdú san am céanna. Chun na cuspóirí sin a ghnóthú, ní mór don Aontas Eorpach an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích agus na bloic thógála go léir a chur i bhfeidhm le haghaidh Aontas Margaí Caipitil. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2017[1], leagtar amach bealach chun cinn le haghaidh an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích trí laghdú rioscaí agus comhroinnt rioscaí a chur chun cinn go comhuaineach, mar chuid den treochlár a leag an Coimisiún amach an 6 Nollaig 2017 le haghaidh an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú.[2]

Cuid thábhachtach d'iarrachtaí an Aontais rioscaí sa chóras baincéireachta a laghdú tuilleadh agus cur ar chumas na mbanc díriú ar iasachtaí a thabhairt do ghnólachtaí agus saoránaigh is ea aghaidh a thabhairt ar ardstoic iasachtaí neamhthuillmheacha agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha[3] agus ar a gcarnadh féideartha sa todhchaí. Deimhnítear sa díospóireacht leanúnach atá ar bun sa Chomhairle gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha má táthar chun Aontas Baincéireachta a chur i gcrích, rud atá ar cheann de na príomhthosaíochtaí i gClár Oibre na gCeannairí.

Is féidir le hardstoic iasachtaí neamhthuillmheacha dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht bainc ar dhá bhealach phríomha. Ar an gcéad dul síos, is lú ioncam a ghineann iasachtaí neamhthuillmheacha do bhanc ná iasachtaí tuillmheacha, rud a laghdaíonn brabúsacht an bhainc agus a d'fhéadfadh caillteanais a chruthú a laghdódh a chaipiteal. Sna cásanna is déine, is féidir leis na héifeachtaí sin a inmharthana atá banc a chur i gcontúirt, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chobhsaíocht airgeadais. Ar an dara dul síos, cuireann iasachtaí neamhthuillmheacha ualach trom ar an-chuid de na hacmhainní atá ag banc, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais. Laghdaíonn sé sin an acmhainn atá ag an mbanc iasachtaí a thabhairt, lena n-áirítear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

---

[1] Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Aontas Baincéireachta a chur i gcrích, COM(2017) 592 final, 11.10.2017.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach - céimeanna eile i dtreo aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta na hEorpa a chur i gcrích: treochlár, COM(2017) 821 final, 06.12.2017.

[3] Áirítear le neamhchosaintí neamhthuillmheacha iasachtaí neamhthuillmheacha, urrúis fiachais neamhthuillmheacha agus ítimí neamhthuillmheacha lasmuigh den chlár comhardaithe. Tá iasachtaí neamhthuillmheacha freagrach as an sciar is mó de neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus baintear úsáid as an téarma sin i gcoitinne mar *pars pro toto*. Seasann iasachtaí neamhthuillmheacha d'iasachtaí ar ina leith a bhíonn deacrachtaí ag an iasachtaí na híocaíochtaí sceidealaithe a dhéanamh chun aisíocaíochtaí úis nó caipitil a chumhdach. I gcás ina mbeidh na híocaíochtaí thar téarma níos faide ná 90 lá, nó i gcás ina measfar nach dócha go n-aisíocfaidh an t-iasachtaí an iasacht, aicmeofar mar iasacht neamhthuillmheach í.

Is ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe a théann an soláthar creidmheasa laghdaithe i bhfeidhm ós rud é go mbíonn siad níos spleáiche ar iasachtú bainc ná cuideachtaí móra, rud a théann i bhfeidhm ansin ar fhás eacnamaíoch agus ar chruthú fostaíochta. Tá iasachtú bainc róchostasach ina lán cásanna agus tá tionchar an-dian á imirt ag an ngéarchéim airgeadais a thit amach sa bhliain 2008 ar an líon iasachtaí bainc atá á dtabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Cuireann an méid sin bac ar fhorbairt agus fás i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide.

Ina theannta sin, tá margaí tánaisteacha dea-fhorbartha d'iasachtaí neamhthuillmheacha ar cheann de na bloic thógála d'Aontas Margaí Caipitil atá ag feidhmiú go maith[4]. Ceann amháin de na príomhchuspóirí atá taobh thiar den tosaíocht atá ag an gCoimisiún Aontas na Margaí Caipitil a chur ar bun is ea foinsí nua maoiniúcháin a chur ar fáil do ghnólachtaí an Aontais, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí nuálacha ardfháis. Cé go bhfuil an tionscadal um Aontas na Margaí Caipitil dírithe ar rochtain ar mhaoiniú neamhbhainc a éascú do ghnólachtaí an Aontais agus ar an maoiniú sin a éagsúlú, aithnítear ann freisin an ról tábhachtach a chomhlíonann na bainc i ngeilleagar an Aontais a mhaoiniú. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm le ceann amháin de shruthanna oibre Aontas na Margaí Caipitil feabhas a chur ar an acmhainn atá ag na bainc iasachtaí a thabhairt do ghnólachtaí, lena n-áirítear trí neartú a dhéanamh ar an gcumas atá acu luach a aisghabháil ó chomhthaobhacht a tugadh chun iasachtaí a urrú.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar ardleibhéil iasachtaí neamhthuillmheacha trí chur chuige cuimsitheach a ghlacadh. Cé gur ar na bainc agus na Ballstáit fós atá an phríomhfhreagracht as dul i ngleic le hardleibhéil iasachtaí neamhthuillmheacha[5], tá gné shoiléir Aontais ag baint freisin le stoic reatha iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú agus le haon charnadh iomarcach iasachtaí neamhthuillmheacha a sheachaint sa todhchaí mar thoradh ar a idircheangailtí atá córas baincéireachta an Aontais agus atá córas baincéireachta an limistéir euro go háirithe. Is amhlaidh go háirithe go bhféadfadh éifeachtaí iarmhartacha tábhachtacha ó na Ballstáit a bhfuil ardleibhéil iasachtaí neamhthuillmheacha acu dul i bhfeidhm ar gheilleagar an Aontais ar fad ó thaobh cobhsaíocht airgeadais agus fás eacnamaíoch de.

Ba sa "Phlean Gníomhaíochta chun Dul i nGleic le hIasachtaí Neamhthuillmheacha san Eoraip", ar fhormhuinigh Comhairle ECOFIN é an 11 Iúil 2017, a aithníodh an gá atá ann le gníomhaíocht chinntitheach chuimsitheach a dhéanamh. Sa Phlean Gníomhaíochta, leagtar amach cur chuige cuimsitheach lena ndírítear ar mheascán gníomhartha comhlántacha beartais i gceithre réimse: (i) maoirseacht agus rialáil baincéireachta, (ii) athchóiriú a dhéanamh ar chreataí um athstruchtúrú, um dhócmhainneacht agus um aisghabháil fiachais, (iii) margaí tánaisteacha a fhorbairt do shócmhainní tochsail, agus (iv) athstruchtúrú an chórais bhaincéireachta a chothú. Déanfar gníomhartha sna réimsí sin ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, de réir mar is cuí. Maidir leis na bearta, beidh tionchar níos mó ag roinnt díobh ar mheasúnú riosca na mbanc tráth thionscnamh na hiasachta, cothóidh roinnt díobh aithint thapa agus bainistiú níos fearr na n-iasachtaí neamhthuillmheacha agus cuirfidh bearta eile feabhas ar luach margaidh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha sin. Treisíonn na

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Aontas na Margaí Caipitil a Chur i gCrích faoin mbliain 2019 - Am le dlús a chur lena chur i bhfeidhm, COM(2018) 114.

5 Is i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh atá an t-ábhar sin á lua ag an gCoimisiún go seasta maidir leis na Ballstáit lena mbaineann.

bearta sin a chéile go frithpháirteach agus ní bheadh siad sách dóthanach dá gcuirfí chun feidhme ina n-aonar iad.

Is codanna tábhachtacha den obair sin iad an togra seo, na bearta eile atá á gcur ar aghaidh ag an gCoimisiún agus an ghníomhaíocht atá á déanamh ag an Sásra Maoirseachta Aonair agus ag an Údarás Baincéireachta Eorpach. Trí roinnt beart comhlántach a chomhcheangal, cabhraíonn an Coimisiún le timpeallacht chuí a chruthú do na bainc ina mbeidh siad in ann déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha ar a gcláir chomhardaithe agus laghdú a dhéanamh ar an riosca go gcarnfaí iasachtaí neamhthuillmheacha sa todhchaí.

Cuirfear ceangal ar na bainc acmhainní dóthanacha a chur i leataobh i gcás ina n-éireoidh iasachtaí nua ina n-iasachtaí neamhthuillmheacha, rud lena gcruthófar dreasachtaí cuí chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha go luath agus chun carnadh iomarcach iasachtaí neamhthuillmheacha a sheachaint.

Má éiríonn iasachtaí ina n-iasachtaí neamhthuillmheacha, beidh na bainc in ann leas a bhaint as sásraí forfheidhmiúcháin níos éifeachtúla le haghaidh iasachtaí urraithe chun aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha, faoi réir cosaintí cuí d’fhéichiúnaithe.

Más amhlaidh, áfach, go n-éireoidh stoic iasachtaí neamhthuillmheacha ró-ard – mar atá an scéal faoi láthair do roinnt banc agus do roinnt Ballstát – beidh na bainc in ann iad a dhíol le hoibreoirí eile i margaí tánaisteacha atá éifeachtúil, iomaíoch agus trédhearcach. Gheobhaidh siad treoir ina leith sin ó mhaoirseoirí, bunaithe ar na cumhachtaí reatha atá acu faoin Treoir um Cheanglais Chaipitil, ar cumhachtaí iad atá sonrach do na bainc agus ar a dtugtar cumhachtaí Cholún 2[6]. I gcás ina n-éireoidh iasachtaí neamhthuillmheacha ina bhfadhb shuntasach leathan, féadfaidh na Ballstáit cuideachtaí bainistíochta sócmhainní náisiúnta nó bearta eile a chur ar bun faoi chuimsiú chreat na rialacha reatha maidir le státchabhair agus réiteach banc.

Leis an togra seo, foráiltear do chúlstop stuamachta reachtúil in aghaidh aon charntha iomarcaigh sa todhchaí d’iasachtaí neamhthuillmheacha nach bhfuil cumhdach caillteanais dóthanach acu ar chláir chomhardaithe na mbanc. Tá an beart sin comhlántach le roinnt beart eile a chuirtear i láthair inniu, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "An Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an laghdú ar an líon Iasachtaí Neamhthuillmheacha san Eoraip"[7]. Chun cabhrú leis na bainc iasachtaí neamhthuillmheacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr, eisíonn an Coimisiún togra ar leith freisin (i) lena mbreisítear an chosaint a thugtar do chreidiúnaithe urraithe trí mhodhanna níos éifeachtúla a thabhairt dóibh le haghaidh a n-airgead ó iasachtaí urraithe d’iasachtaithe gnó a aisghabháil gan imeachtaí cúirte a thionscnamh, agus (ii) lena mbaintear baic mhíchuí ar sheirbhísiú creidmheasa ag tríú páirtithe agus ar aistriú creidmheasanna chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhargaí tánaisteacha d’iasachtaí neamhthuillmheacha. Tugtar treoir do na Ballstáit freisin maidir le conas is féidir leo cuideachtaí bainistíochta sócmhainní náisiúnta a chur ar bun, nuair is cuí, agus rialacha an Aontais maidir le baincéireacht agus Státchabhair á gcomhlíonadh go hiomlán acu. Leis an Treoirphlean um chuideachtaí bainistíochta sócmhainní, tugtar moltaí praiticiúla le haghaidh cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a

[6] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, IO L 176, lch. 338.

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach - an dara tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an laghdú ar an líon iasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip, cuir Uimhir COM isteach a luaithe atá sí ar fáil.

dhearadh agus a chur ar bun ar leibhéal náisiúnta, agus forbairt á déanamh ar na dea-chleachtais a foghlaimíodh ó eispéiris roimhe seo sna Ballstáit[8].

Treisíonn na tionscnaimh sin a chéile go frithpháirteach. Áirithítear leis an gcúlstop stuamachta reachtúil go gcumhdófar caillteanais chreidmheasa ar iasachtaí neamhthuillmheacha sa todhchaí go dóthanach, rud lena n-éascófar réiteach nó díol na n-iasachtaí sin. Leis an Treoirphlean um chuideachtaí bainistíochta sócmhainní, tugtar cabhair do na Ballstáit maidir lena mbainc a athstruchtúrú trí chuideachtaí bainistíochta sócmhainní a dhéileálann le hiasachtaí neamhthuillmheacha a chur ar bun. Comhlánaítear na héifeachtaí sin leis an obair atá á déanamh chun margaí tánaisteacha d'iasachtaí neamhthuillmheacha a fhorbairt tuilleadh mar go méadódh siad a iomaíche atá iasachtaí neamhthuillmheacha agus go n-ardódh siad luach margaidh na n-iasachtaí sin. Ina theannta sin, má úsáidtear forfheidhmiú comhthaobhachta luathaithe mar shásra tapa le haghaidh luach comhthaobhachta a aisghabháil, laghdófar na costais a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach.

8 cuir Uimhir SWD isteach a luaithe atá sí ar fáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní mór forálacha a dhéanamh d'iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme. An Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9, ar caighdeán nua é atá i bhfeidhm san Aontas ón 1 Eanáir 2018 i leith, táthar ag súil go mbainfear leas as chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le soláthairtí moillithe agus neamhdhóthanacha mar gur ar bhonn 'caillteanais ionchasaigh' a oibríonn sé. I dtaca le sócmhainní airgeadais a éiríonn ina sócmhainní neamhthuillmheacha, áfach, is iad athruithe beaga amháin a thugtar isteach leis an gcaighdeán nua. Ina theannta sin, is iad prionsabail ghinearálta agus cineálacha ginearálta cur chuige le haghaidh soláthairtí caillteanais chreidmheasa a chinneadh, agus ní rialacha mionsonraithe, a shocraítear le caighdeáin chuntasaíochta, lena n-áirítear IFRS 9. D'ainneoin na treorach atá ar fáil maidir lena gcur i bhfeidhm, is gnách go dtugtar le caighdeáin chuntasaíochta lánrogha maidir le caillteanais ionchasacha chreidmheasa ar neamhchosaintí tuillmheacha agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chinneadh i dtaca le sreafaí measta airgid sa todhchaí ó chomhthaobhacht nó ó urrúis, i measc nithe eile, agus, dá bharr sin, maidir le leibhéil soláthair a chinneadh.

Faoi Cholún 2 den chreat stuamachta a bunaíodh leis an Treoir um Cheanglais Chaipitil, féadfaidh údaráis inniúla (i.e. an maoirseoir) dul i bhfeidhm ar an mbeartas soláthair atá i bhfeidhm ag institiúid agus féadfaidh siad coigeartuithe sonracha ar ríomhanna cistí dílse a éileamh ar bhonn cáis[9]. Cuirtear bearta Cholún 2 i bhfeidhm faoi lánrogha an údaráis inniúil agus ar bhonn cáis, tar éis a mheasúnú nach bhfuil beartas soláthair na hinstitiúide cuí ná stuama go leor ó thaobh maoirseachta de.

Mar chonclúid, is faoi réir caighdeáin chuntasaíochta agus rialáil stuamachta atá caillteanais ar neamhchosaintí creidmheasa (lena n-áirítear neamhchosaintí neamhthuillmheacha). Is amhlaidh, áfach, nach bhforáiltear leis an gcreat cuntasaíochta ná leis an gcreat stuamachta faoi láthair do láimhseáil choiteann íosta lena gcoiscfí go héifeachtach carnadh neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil cumhdaithe go dóthanach.

Sa Phlean Gníomhaíochta uaithi, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún "cúlstopanna stuamachta a bhreithniú lena dtugtar aghaidh ar an ngannsoláthar féideartha a bhainfeadh le hiasachtaí nuathionscanta. D'fhéadfadh na cúlstopanna sin a bheith ina n-asbhaintí stuamachta éigeantacha ó chistí dílse na neamhchosaintí neamhthuillmheacha, tar éis measúnú a dhéanamh ar na calabrúcháin is cuí ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta".

Is é is dóichí gur ar chláir chomhardaithe na mbanc a fhanfaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil soláthar dóthanach déanta dóibh mar go bhféachfaidh na bainc le haithint caillteanas a sheachaint nó a mhoilliú (cur chuige 'fanacht agus feiceáil'). Is bacainní móra ar athstruchtúrú fiachais agus ar dhíolacháin sócmhainní iad gannsoláthar agus staonadh caillteanais, ós rud é go bhféadfadh na bainc athstruchtúrú a chur ar atráth nó díghiaráil chun aithint caillteanas a sheachaint. Aimsíodh gur cúis le hiasachtú laghdaithe iad moilleanna ar aithint caillteanas mar go gcuireann siad níos mó brú fós ar na bainc soláthairtí a mhéadú in amanna struis (i.e. i gcás ina dtiocfaidh caillteanais chun cinn agus ina mbeidh na ceanglais rialála cistí dílse ar na cinn is ceangailtí).

[9] Shoiléirigh an Coimisiún raon feidhme na cumhachta sin sa tuarascáil uaidh ina ndearnadh athbhreithniú ar fheidhmiú an tSásra Maoirseachta Aonair, COM(2017) 591 final.

Mar fhreagairt don iarraidh ó Chomhairle ECOFIN, rinne an Coimisiún comhairliúchán spriocdhírithe agus measúnú tionchair agus tháinig sé ar an gconclúid gur beart cuí chun carnadh neamhchosaintí neamhthuillmheacha a sheachaint sa todhchaí is ea láimhseáil stuamachta íosta a thabhairt isteach mar chúlstop reachtúil do neamhchosaintí nuathionscanta. Leis na leasuithe a bheartaítear ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil[10], rud is infheidhme go díreach maidir le gach institiúid san Aontas, bunaíodh creat le haghaidh cúlstop stuamachta do neamhchosaintí nuathionscanta a éiríonn ina neamhchosaintí neamhthuillmheacha, rud a bhfuil sé i gceist leis asbhaintí stuamachta faoi cheangal ama a dhéanamh ó chistí dílse. Is iad seo na haidhmeanna atá leis an gcúlstop sin:

- laghdú a dhéanamh ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais a eascraíonn as ardleibhéil neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil cumhdaithe go dóthanach trí sheachaint a dhéanamh ar charnadh nó méadú na neamhchosaintí neamhthuillmheacha sin a bhféadfadh éifeachtaí iarmhartacha a bheith acu i ndálaí anáis sa mhargadh; agus
- a áirithiú go mbeidh cumhdach caillteanais dóthanach ag institiúidí le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha, rud lena gcosnófar a mbrabúsacht, a gcaipiteal agus a gcostais chistiúcháin in amanna struis. D'áiritheodh sé sin go mbeadh maoiniú atá cobhsaí agus nach bhfuil chomh comh-thimthriallach céanna ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí.

Chomhlánófaí leis (i) cur i bhfeidhm na gcaighdeán cuntasaíochta i dtaca le soláthar caillteanais iasachta do neamhchosaintí neamhthuillmheacha, agus (ii) an leas a bhaintear as cumhachtaí maoirseachta reatha Cholún 2 tar éis don údarás inniúil measúnú ar bhonn cáis a dhéanamh.

Dá bhrí sin, beidh ar institiúidí leanúint le soláthairtí a aithint ar aon dul lena measúnú agus leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme. Na soláthairtí sin, lena n-áirítear méaduithe féideartha mar thoradh ar IFRS 9, cuirfear san áireamh go hiomlán iad chun críocha an chúlstop stuamachta. I gcás nach mbeidh suim na soláthairtí agus na gcoigeartuithe eile dóthanach chun caillteanais ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chumhdach suas go leibhéil íosta ann, bheadh feidhm ag an gcúlstop stuamachta agus bheadh sé riachtanach an difríocht a asbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1. I gcás ina bhfaighidh údaráis inniúla amach ar bhonn cáis gurb amhlaidh, beag beann ar chur i bhfeidhm an chúlstop stuamachta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha faoin Rialachán seo, nach bhfuil na neamhchosaintí neamhthuillmheacha de chuid institiúide ar leith cumhdaithe go dóthanach, féadfaidh siad leas a bhaint as na cumhachtaí maoirseachta atá acu faoi Cholún 2.

D'fhonn a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann sa chreat stuamachta, tá an láimhseáil a bheartaítear do Cholún 1 bunaithe ar shainmhínithe agus ar choincheapa atá in úsáid cheana féin chun críocha tuairiscithe maoirseachta. Cosúil leis na critéir a bhaineann le staonadh, tá coincheap na neamhchosanta neamhthuillmhí a thugtar isteach leis an leasú seo comhsheasmhach leis an gcoincheap sin atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún[11], rud atá á chur i bhfeidhm go coiteann cheana féin chun críocha tuairiscithe maoirseachta.

I gcás ina mbeidh sé riachtanach chun comhsheasmhacht a áirithiú, beartaítear leasuithe a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil freisin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níos mó ná cúig bliana tar éis do na Cinn Stáit agus Rialtais san Eoraip a chomhaontú go gcruthófaí Aontas Baincéireachta, tá dhá cheann dá cholúin i bhfeidhm, mar atá maoirseacht aonair agus réiteach aonair, agus iad leagtha ar an mbonn dlúth a sholáthraítear le leabhar rialacha aonair do gach institiúid san Aontas. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach, teastaíonn bearta eile chun an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích, lena n-áirítear scéim ráthaíochta taiscí aonair a chruthú, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus sa treochlár a eisíodh i mí na Nollag 2017.

De bhreis ar an bpacáiste cuimsitheach athchóirithe a bheartaigh an Coimisiún i mí na Samhna 2016 ("an pacáiste athchóirithe baincéireachta"), tá an cúlstop stuamachta a bheartaítear ar cheann de na bearta laghdaithe riosca a theastaíonn chun athléimneacht earnáil na baincéireachta a neartú, i gcomhthráth le tabhairt isteach chéimnithe na Scéime Eorpaí Árachais Taiscí. Is é an aidhm atá leis na bearta sin a áirithiú go mbeidh leabhar rialacha aonair leantach ann do gach institiúid san Aontas, is cuma cé acu atá siad laistigh den Aontas Baincéireachta nó lasmuigh de. Tá cuspóirí foriomlána an tionscnaimh seo, mar a shonraítear thuas, comhsheasmhach agus comhleanúnach go hiomlán le spriocanna bunúsacha an Aontais maidir le cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dteastóidh tacaíocht cáiníocóirí agus ar mhéid na tacaíochta sin i gcás ina réiteofar institiúid agus rannchuidiú le maoiniú comhchuí inbhuanaithe na gníomhaíochta eacnamaíche, rud lena gcabhrófar le hardleibhéal iomaíochais agus cosanta tomhaltóirí a chruthú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is ionann an bunús dlí do na leasuithe a bheartaítear agus an bunús sin don ghníomh reachtach atá á leasú, i.e. Airteagal 114 CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní fhoráiltear le creat stuamachta reatha an Aontais do láimhseáil stuamachta chomhchuibhithe maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Mar thoradh air sin, is féidir go mbeidh éagsúlacht ann sa chumhdach caillteanais iarbhír do neamhchosaintí neamhthuillmheacha i mbainc dhifriúla i ndlínsí difriúla, fiú má tá an t-aon riosca bunúsach amháin ag baint leo. Dá bharr sin, is féidir go dteorannófar a inchomparáide atá cóimheasa caipitil idir tíortha agus go mbainfear an bonn dá iontaofa atá siad. Bheadh bainc a bhfuil an t-aon phróifíl riosca amháin acu agus a bhfuil an t-aon airgeadra amháin acu ag dul i ngleic le coinníollacha difriúla cistiúcháin, ag brath ar an áit a bhfuil siad lonnaithe san Aontas. Dá réir sin, cruthaítear ilroinnt bhreise airgeadais lena gcuirtear bac ar cheann de na buntáistí is

[11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).

tábhachtaí den mhargadh inmheánach, is é sin, rioscaí eacnamaíocha a éagsúlú agus a chomhroinnt thar theorainneacha.

Mar sin féin, níl ach raon feidhme teoranta ag na Ballstáit ceanglais soláthair is infheidhme go ginearálta agus atá ina gceangal dlí a thabhairt isteach. Is é an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta atá freagrach as Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais a shonrú, mar shampla. Maidir le láimhseáil stuamachta, is faoi réir comhchuibhiú uasta ar fud an mhargaidh inmheánaigh atá ceanglais íosta is infheidhme go díreach maidir le hinstitiúidí (lena n-áirítear do neamhchosaintí neamhthuillmheacha, amhail asbhaintí ó chistí dílse).

Tá de chumhacht ag údaráis inniúla atá i gceannas ar institiúidí san Aontas a mhaoirsiú dul i bhfeidhm ar bheartas soláthair na n-institiúidí agus coigeartuithe sonracha ar ríomhanna cistí dílse a éileamh ar bhonn cáis faoi Cholún 2 den chreat, agus aird á tabhairt ar staid shonrach na hinstitiúide. Mar sin féin, ní fhéadfaidh siad láimhseáil chomhchuibhithe (íosta) a fhorchur ar fud na mBallstát agus na n-institiúidí, agus ní fhéadfaidh siad ach oiread, ar bhonn córasach agus ar fud an Aontais, aghaidh éifeachtach a thabhairt ar an ngannsoláthar féideartha do neamhchosaintí neamhthuillmheacha.

Is é cuspóir na mbeart a bheartaítear cur le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana; Is fearr is féidir é sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, in ionad trí bhearta náisiúnta nó maoirseachta difriúla a dhéanamh. Má dhéantar gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais, beidh láimhseáil chomhchuibhithe ann lena gceanglófar ar gach institiúid atá bunaithe san Aontas freastal, ar leibhéal stuamachta íosta coiteann, ar chaillteanais ar neamhchosaintí nuathionscanta a éiríonn ina neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Is é an toradh a bheadh ar chúlstop stuamachta den sórt sin go gcuirfí coscán uathoibríoch ar fud an Aontais ar charnadh neamhchosaintí neamhthuillmheacha sa todhchaí nach bhfuil cumhdach caillteanais iasachta dóthanach acu agus, dá réir sin, neartófaí fóntacht airgeadais na mbanc agus an cumas atá acu iasachtaí a thabhairt. Le gníomhaíocht ar fud an Aontais, laghdófar na héifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith ann san Aontas. Toradh eile a bheidh uirthi is ea go gcabhrófar le laghdú rioscaí a neartú agus cothroime iomaíochta a mhéadú sa mhargadh inmheánach trí gach banc a chur ar bhonn cothrom i dtaca le láimhseáil stuamachta do neamhchosaintí neamhthuillmheacha, difríochtaí neamhriachtanacha i gcleachtais na mbanc a laghdú, inchomparáideacht a mhéadú, smacht margaidh a éascú agus muinín an mhargaidh a chur chun cinn.

• **Comhréireacht**

Tá comhréireacht ina cuid dhílis den mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an togra. Ní hé amháin gur measúnaíodh na roghanna beartaithe go léir ina n-aonar i gcomparáid le cuspóir na comhréireachta, ach rinneadh anailís ar easpa comhréireachta na rialacha reatha freisin d'fhonn costais riaracháin agus chomhlíonta a íoslaghdú le linn láimhseáil choiteann ar fud an Aontais a áirithiú.

Leagtar amach sa togra láimhseáil chomhchuibhithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun críocha stuamachta chun a áirithiú go mbeidh leibhéal íosta cumhdaigh ag gach institiúid san Aontas dá rioscaí a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Cuirtear san áireamh sna ceanglais chumhdaigh íosta is infheidhme cá fhad atá neamhchosaint aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach, déantar idirdhealú iontu idir neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe agus idir neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar ina leith atá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha eile. Dá bhrí sin, tá an láimhseáil a bheartaítear i gcomhréir leis na saintréithe difriúla riosca a d'fhéadfadh a bheith ag

neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus, ag an am céanna, foráiltear léi do chur chuige measartha simplí is féidir a chur i bhfeidhm go réidh ar bhonn uilechoiteann. Is é leasú a dhéanamh ar rialacha reatha an Aontais maidir le ceanglais cistí dílse an bealach is comhréirí chun cothroime iomaíochta a áirithiú, castacht rialála a laghdú agus costais chomhlíonta neamhriachtanacha a sheachaint (go háirithe do ghníomhaíochtaí trasteorann), tuilleadh comhtháthaithe a chur chun cinn i margadh an Aontais agus rannchuidiú le deireadh a chur le deiseanna arbatráiste rialála.

- **An rogha ionstraime**

Beartaítear na bearta a chur chun feidhme trí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú, mar go mbaineann siad le forálacha reatha sa Rialachán sin nó go bhforbraítear na forálacha sin leo, go háirithe maidir le ríomhanna cistí dílse.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán spriocdhírithe i mí na Samhna 2017 chun a mheasúnú cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé cuí cúlstop stuamachta a thabhairt isteach chun dul i ngleic le gannsoláthar do neamhchosaintí neamhthuillmheacha.

Bhí sé mar chuspóir aige tuairimí páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí a bhailiú faoina indéanta a bheadh cúlstop stuamachta, faoi dhearadh féideartha an chúlstop stuamachta agus faoi na hiarmhairtí neamhbheartaithe a d’fhéadfadh a bheith aige. Cumhdaíodh sna ceisteanna gach ceann de na trí rogha beartais a anailísíodh sa mheasúnú tionchair a rinneadh tar éis an chomhairliúcháin.

Bhí an comhairliúchán ar oscailt do gach páirtí leasmhar. Fuarthas an chuid is mó de na freagraí ó bhainc nó ó chumainn bhaincéireachta agus fuarthas roinnt díobh ó mhaoirseoirí. Fuarthas 38 bhfreagra san iomlán: 29 gcinn ó pháirtithe leasmhara príobháideacha (lena n-áirítear duine príobháideach amháin) agus 9 gcinn ó pháirtithe leasmhara poiblí. Fuarthas an chuid is mó díobh ó fhreagróirí sna Ballstáit a bhfuil na cóimheasa neamhchosaintí neamhthuillmheacha is airde acu.

Maidir le dearadh an chúlstop stuamachta, bhí formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar cosán forchéimnitheach asbhainte, ós rud é go n-aithneofaí aisghabhálacha luatha iasachtaí leis ar bhealach níos fearr. Is é sin an rogha a leantar sa togra. D’argóin roinnt páirtithe leasmhara i bhfabhar idirdhealú a dhéanamh idir neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar ina leith atá an t-oibleagáideoir ag íoc a oibleagáidí fós agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar ina leith atá an t-oibleagáideoir dócmhainneach. Glacadh leis sin sa togra.

Déantar achoimre ar na freagraí ar an gcomhairliúchán in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an measúnú tionchair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D’iarr an Coimisiún ionchur ón Údarás Baincéireachta Eorpach, a thug freagra laistigh de thréimhse shrianta ama ansin ar iarraidh ar chomhairle faoin tionchar a bheadh ag aon chúlstop stuamachta. Cuireadh na sonraí ón Údarás Baincéireachta Eorpach ar áireamh sa mheasúnú tionchair.

- **Measúnú tionchair**

Pléadh an measúnú tionchair[12] leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála agus formheasadh é gan aon ábhair amhrais a chur in iúl an 17 Eanáir 2018[13]. Tá an measúnú tionchair ag gabháil leis an togra agus tá siad comhsheasmhach lena chéile.

Sa mheasúnú tionchair, déantar cur síos ar an gcás bonnlíne agus cuirtear i gcomparáid é le trí rogha fhéideartha le haghaidh cúlstop stuamachta a thabhairt isteach, agus aird á tabhairt ar gach toimhde ábhartha. Cuirtear san áireamh sa bhonnlíne an staid reatha maidir le soláthar a dhéanamh do neamhchosaintí neamhthuillmheacha, i.e. cur i bhfeidhm na rialacha nua ar aon dul le IFRS 9 agus na cumhachtaí maoirseachta reatha atá ag na húdaráis inniúla chun soláthar do neamhchosaintí neamhthuillmheacha a mhéadú. Dearadh dhá rogha mar asbhaint stuamachta ó chistí dílse i gcás soláthar neamhdhóthanach, áit a mbainfí úsáid as cur chuige deireadh tréimhse nó as cosán céim ar chéim (a d’fhéadfadh a bheith líneach nó forchéimnitheach). Dearadh an tríú rogha mar chur chuige caolchorrlaigh do neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe i gcás ina gcuirfí an cineál sonrach cosanta creidmheasa a úsáidtear chun an neamhchosaint neamhthuillmheach a urrú san áireamh agus an cúlstop á ríomh. Tar éis na hanailíse a rinneadh sa mheasúnú tionchair, roghnaíodh cur chuige asbhainte céim ar chéim lena leantar cosán forchéimnitheach mar rogha thosaíochta. I gcomparáid le cur chuige deireadh tréimhse, seachnaítear éifeacht shuntasach aille leis an gcur chuige sin. Ina theannta sin, is fearr é ná cosán líneach asbhainte maidir le cur ar chumas na mbanc cosaint chreidmheasa a fhorfheidhmiú nó iasachtaí a aisghabháil sna blianta tosaigh. Ag an deireadh ar fad, meastar é a bheith níos simplí agus níos éadroime ó thaobh oibriúcháin de ná rogha atá bunaithe ar chur chuige caolchorrlaigh.

Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair, is féidir a mheas gur soláimhsithe atá na costais a bhfuiltear ag súil leo ó chúlstop stuamachta a thabhairt isteach do neamhchosaintí neamhthuillmheacha gannsoláthartha. De réir meastacháin ón Údarás Baincéireachta Eorpach, is ionann agus thart ar 138 mbonnphointe an laghdú carnach a thiocfaidh tar éis fiche bliain ar chóimheas Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag banc airmheánach san Aontas mar thoradh ar chúlstop stuamachta (cosúil leis sin a bheartaítear) a thabhairt isteach. Mar sin féin, is é an toradh sin an chuimse uachtair do thionchar féideartha an bhirt a bheartaítear, ós rud é gur measartha coimeádach atá na toimhdí bunúsacha (féach an measúnú tionchair) agus nach gcuirtear san áireamh ann na héifeachtaí a bheidh ag calabrú níos boige a bheith i bhfeidhm maidir le cásanna sonracha nach dócha go n-íocfar neamhchosaintí neamhthuillmheacha iontu.

Leasaíodh tuarascáil an mheasúnaithe tionchair beagáinín ar aon dul leis na moltaí a rinneadh sa tuairim ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála. Méadaíodh an réamhrá coiteann sna trí thuarascáil ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun míniú níos fearr a thabhairt ar na sineirgí idir na trí cinn díobh. Cuireadh údair bhreise leis an ngá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ar áireamh agus athraíodh an tuarascáil chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag bearta atá ann cheana amhail IFRS 9 agus cumhachtaí Cholún 2. Cuireadh meastacháin nuashonraithe ón Údarás Baincéireachta Eorpach isteach mar aon le míniúcháin níos cuimsithí ar na torthaí agus na toimhdí a úsáideadh. Ag an deireadh ar fad, coigeartaíodh na táblaí cainníochtaithe ar aon dul leis na meastacháin nuashonraithe agus chun cainníochtú thionchar maicreacnamaíoch na rogha tosaíochta a neartú.

[12] Cuir isteach an nasc leis an measúnú tionchair.
[13] Cuir isteach an nasc leis an tuairim dhearfach.

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an tionscnamh seo, tugtar uirlis nua isteach (ceanglais chumhdaigh íosta le haghaidh caillteanais thabhaithe/ionchasacha ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha) lena gcuirtear leis an reachtaíocht atá ann cheana trí láimhseáil stuamachta nua a thabhairt isteach agus sainmhínithe atá ann cheana a chomhtháthú. Cuirtear feabhas leis ar a éifeachtúla atá an reachtaíocht atá ann cheana trína áirithiú go mbeidh leibhéal íosta caighdeánaithe rialacha cumhdaigh i bhfeidhm ar fud an Aontais. Ba cheart a chur in iúl gur ar leibhéil neamhchosaintí neamhthuillmheacha freisin a bheidh tionchar ag tionscnaimh reatha agus roimhe eile, rud a fhágann go bhfuil sé doiligh na gnóthachain éifeachtúlachta ó gach beart aonair a scaradh (féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an measúnú tionchair le haghaidh sonraí a fháil).

Trí chláir chomhardaithe na mbanc a neartú trí neamhchosaintí neamhthuillmheacha a bhainistiú ar bhealach níos tráthúla agus níos éifeachtaí, bainfear leas as cúlstop stuamachta do neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil soláthar dóthanach déanta dóibh chun tacú le soláthar níos cobhsaí creidmheasa sa todhchaí. Ba cheart go rachadh an tionchar dearfach chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, ar fiontair iad atá níos spleáiche ar iasachtú bainc ná corparáidí móra.

• **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeáin i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus tá raon leathan coinbhinsiún maidir le cearta an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs sin, leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun triail chóir a fháil, sonraí pearsanta a chosaint agus cosaint tomhaltóirí.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí ag an togra do bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

• **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é go dtabharfar isteach leis an togra seo athruithe ar na ríomhanna cistí dílse a leagtar amach sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, déanfar meastóireacht air mar chuid den fhaireachán a dhéantar ar an Rialachán sin.

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**Sainmhíniú ar neamhchosaint neamhthuillmheach – Airteagal 47a a bheartaítear:**

Chun críocha an chúlstop stuamachta, tugtar sainmhíniú ar neamhchosaint neamhthuillmheach isteach sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil. Tá an sainmhíniú sin bunaithe ar choincheap na neamhchosanta neamhthuillmhí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún, rud atá á chur i bhfeidhm go coiteann cheana féin chun críocha tuairiscithe maoirseachta. Áirítear leis an sainmhíniú sin neamhchosaintí a mhainnigh mar a shainmhínítear chun críocha ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa agus neamhchosaintí creidmheasa a bhearnaítear de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme, i measc nithe eile. Ina theannta sin, agus ar aon dul arís

le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún, tugtar isteach leis na leasuithe a bheartaítear dianchritéir maidir leis na coinníollacha le haghaidh scor de neamhchosaint a láimhseáil mar neamhchosaint neamhthuillmheach, mar aon leis na hiarmhairtí rialála a bheidh ag neamhchosaintí a athmhaoiniú agus ag gníomhartha staonta eile.

**Prionsabal ginearálta an chúlstop stuamachta – Airteagal 36(1)(m) agus Airteagal 47c a bheartaítear:**

Tá dhá phríomhghné i gceist leis an gcúlstop stuamachta: (i) ceanglas go gcumhdódh institiúidí, suas go leibhéil choiteanna íosta, na caillteanais a tabhaíodh agus na caillteanais ionchasacha ar iasachtaí nuathionscanta a luaithe a éiríonn iasachtaí den sórt sin ina n-iasachtaí neamhthuillmheacha ('ceanglas cumhdaigh íosta'), agus (ii) i gcás nach gcomhlíonfar an ceanglas cumhdaigh íosta, an difríocht idir an leibhéal cumhdaigh iarbhír agus an cumhdach íosta a asbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

Méadófar an ceanglas cumhdaigh íosta de réir a chéile, ag brath ar cé chomh fada atá neamhchosaint aicmithe ina neamhchosaint neamhthuillmheach. Beidh an méadú bliantúil ar an gceanglas cumhdaigh íosta níos ísle le linn na gcéad bhlianta tar éis an neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach ná i mblianta eile. Léiríonn an méadú céimnithe sin an fhíric gurb amhlaidh, dá fhad neamhchosaint aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach gurb ísle an dóchúlacht go n-aisghabhfar na méideanna atá le híoc.

Bheadh na hítimí seo a leanas faoi réir na gceanglas cumhdaigh íosta a chomhlíonadh:

a) soláthairtí a aithnítear faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme ('coigeartuithe riosca creidmheasa'), i.e. méid an tsoláthair shonraigh agus ghinearálta le haghaidh caillteanas ar iasachtaí do rioscaí creidmheasa a aithníodh i ráitis airgeadais na hinstitiúide;

b) coigeartuithe luacha breise le haghaidh sócmhainní a bhfuil luach cóir ag gabháil leo;

c) laghduithe eile ar chistí dílse; mar shampla, féadfaidh institiúidí asbhaintí níos airde a dhéanamh óna gcistí dílse ná iad sin a cheanglaítear leis an rialachán; agus

d) i gcás institiúidí a ríomhann sócmhainní atá ualaithe ó thaobh riosca de trí úsáid a bhaint as an gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha, an t-easnamh caillteanais ionchasaigh rialála, rud atá á asbhaint cheana ó chistí dílse.

Ní bheidh feidhm ag an gcúlstop stuamachta ach amháin i gcás nach mbeidh suim na méideanna a liostaítear faoi a) go d) leordhóthanach chun an ceanglas cumhdaigh íosta is infheidhme a chumhdach. D'áiritheofaí leis an asbhaint go léireofaí go cuí, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, na rioscaí a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcóimheasa caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na n-institiúidí.

**An t-idirdhealú idir neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe – Airteagal 47c(2) agus (3):**

Tá feidhm ag ceanglais dhifriúla chumhdaigh ag brath ar cé acu mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha 'neamhurraithe' nó mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha 'urraithe' atá na neamhchosaintí neamhthuillmheacha aicmithe. Meastar gur neamhchosaintí neamhthuillmheach *urraithe* atá i neamhchosaintí neamhthuillmheacha nó aon chuid de neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá cumhdaithe le cosaint chreidmheasa incháilithe mar

a chinntear sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil. Os a choinne sin, is mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha *neamhurraithe* a aicmítear neamhchosaintí neamhthuillmheacha nó aon chodanna de neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil cumhdaithe le cosaint chreidmheasa incháilithe. Maidir le hiasacht nach bhfuil cumhdaithe ach go páirteach le comhthaobhacht, mheasfaí an chuid atá cumhdaithe le comhthaobhacht a bheith urraithe agus an chuid nach bhfuil cumhdaithe le comhthaobhacht a bheith neamhurraithe.

D'fhéadfaí, i bprionsabal, neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe creidmheasa agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha creidmheasa atá urraithe le comhthaobhacht a láimhseáil ar an aon bhealach amháin. Mar sin féin, tá saintréithe difriúla ó thaobh riosca de ag an dá chineál neamhchosanta. I gcás institiúide, is ísle, tríd is tríd, an riosca a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe ná an riosca a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe toisc gurb amhlaidh, a bhuí leis an gcosaint chreidmheasa lena n-urraítear an iasacht, go dtugtar don iasachtóir éileamh sonrach ar shócmhainn nó in aghaidh tríú páirtí gan laghdú a dhéanamh ar an éileamh ginearálta atá aige in aghaidh an iasachtaí a mhainnigh. I gcás ina n-éiríonn iasacht neamhurraithe ina hiasacht neamhthuillmheach, áfach, is gnách nach mbíonn aon rogha eile ag institiúid ach staonadh ón iasacht sin. Ar an meán, is airde i bhfad rátaí téarnaimh le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe ná le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe. Mar sin féin, tógann sé roinnt ama chun an chosaint chreidmheasa a fhorfheidhmiú agus, nuair is infheidhme, chun an chomhthaobhacht a réadú. Dá bhrí sin, ba cheart don bhanc is creidiúnaí cumhdach caillteanais íosta níos airde agus níos tráthúla a éileamh i gcás neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe ná i gcás neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe. Níor cheart an chosaint chreidmheasa a mheas a bheith éifeachtach a thuilleadh, áfach, i gcás ina dtéann líon áirithe blianta thart gan an chosaint chreidmheasa a fhorfheidhmiú go rathúil (i.e. ní rabhthas in ann an chomhthaobhacht/an ráthaíocht a réadú). I gcás den sórt sin, meastar gur gá méid neamhchosanta na neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe a chumhdach go iomlán freisin. Ba cheart réiteach tráthúil neamhchosaintí neamhthuillmheacha a éascú sa todhchaí trí iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh i roinnt Ballstát córais dócmhainneachta a athchóiriú agus trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta forfheidhmithe seachbhreithiúnacha luathaithe i gcomhair comhthaobhachta, atá beartaithe i dtogra an Choimisiúin le haghaidh Treorach maidir le seirbhíseoirí creidmheasa, ceannacháin chreidmheasa agus forfheidhmiú comhthaobhachta a ghlacfar an lá céanna leis an togra seo. Tríd is tríd, bainc a bhaineann úsáid as nósanna imeachta forfheidhmithe seachbhreithiúnacha, déanann siad a neamhchosaintí neamhthuillmheacha a athstruchtúrú, a aisghabháil nó a dhiúscairt níos luaithe agus ar ráta níos airde. Ní dhéanfadh an gá atá lena gcumhdach caillteanais i ndáil le neamhchosaintí neamhthuillmheacha a mhéadú difear chomh mór sin dóibh.

**An t-idirdhealú idir neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar ina leith atá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha eile – Airteagal 47c(2) agus (3):**

Áirítear leis an sainmhíniú ar neamhchosaint neamhthuillmheach cásanna ina meastar nach dócha go n-íocfaidh an t-oibleagáideoir an iasacht, cé go bhfuil sé fós ag déanamh íocaíochtaí ina dtráthchodanna. Ós rud é go bhfuil an institiúid ag fáil íocaíocht iomlán ón oibleagáideoir gan moill mhíchuí go fóill, meastar gurb ísle, tríd is tríd, an riosca creidmheasa sa chás seo ná i gcás neamhchosaintí ar ina leith atá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá agus, dá bhrí sin, beidh údar ag an institiúid le féilire nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm i gcásanna den sórt sin. Rud nithiúil, beidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha

cumhdaithe ansin suas go 80 % de luach na neamhchosanta tar éis na tréimhse ama sainithe (i.e. tar éis dhá bhliain i gcás neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe agus tar éis ocht mbliana i gcás neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe). Os a choinne sin, i gcásanna ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá maidir le haon oibleagáid chreidmheasa ábhartha i leith na hinstitiúide, ba cheart leibhéal cumhdaigh iomláin a cheangal tar éis na tréimhse ama sainithe.

**Maolú le haghaidh iasachtaí roimhe – Airteagal 469a**

Ní bheadh feidhm ag an gcúlstop stuamachta ach amháin maidir le neamhchosaintí a thionscnófar tar éis an 14 Márta 2018 toisc go mbeadh dóthain soiléire ann ón dáta sin maidir leis an bhfeidhm a bheadh ag an riail nua. Ionas nach mbeifear in ann dul timpeall ar an maolú seo, neamhchosaintí a tionscnaíodh roimh ghlacadh an togra agus a leasóidh an institiúid iad ina dhiaidh sin ar bhealach a mhéadóidh a luach neamhchosanta, ba cheart na neamhchosaintí sin a láimhseáil mar neamhchosaintí nuathionscanta. I gcodarsnacht leis sin, ba cheart neamhchosaintí a tionscnaítear roimh ghlacadh an togra seo a láimhseáil de réir na rialacha a bhí i bhfeidhm ar an dáta a tionscnaíodh iad, fiú amháin i gcás ina n-athmhaoineofar iad nó ina mbeidh siad faoi réir bearta staonta eile.

2018/0060 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[14],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[15],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tosaíocht don Aontas is ea straitéis chuimsitheach a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Cé gurb iad na bainc agus na Ballstáit atá freagrach go príomhá as aghaidh a thabhairt ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha, is léir go bhfuil gné shoiléir Aontais ag baint freisin le stoic reatha neamhchosaintí neamhthuillmheacha a laghdú agus le haon charnadh iomarcach neamhchosaintí neamhthuillmheacha a sheachaint sa todhchaí. Mar gheall ar a idircheangailtí atá na córais bhaincéireachta agus airgeadais ar fud an Aontais, áit a n-oibríonn bainc i níos mó ná dlínse agus Ballstát amháin, tá baol suntasach ann go dtiocfadh éifeachtaí iarmhartacha ó thaobh fás eacnamaíoch de agus ó thaobh cobhsaíocht airgeadais de araon chun cinn do na Ballstáit agus don Aontas i gcoitinne.

(2) A bhuí le córas airgeadais comhtháite, cuirfear lena athléimní atá an tAontas Airgeadaíochta Eorpach in aghaidh turraingí díobhálacha trí chomhroinnt rioscaí trasteorann phríobháideach a éascú agus tríd an ngá atá le comhroinnt rioscaí phoiblí a laghdú ag an am céanna. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích agus Aontas na Margaí Caipitil a fhorbairt tuilleadh. Maidir le hAontas Baincéireachta a chur i gcrích tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar ardstoic neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus ar a gcarnadh féideartha sa todhchaí, toisc go mbeidh sé sin ríthábhachtach maidir le hiomaíochas a áirithiú san earnáil baincéireachta, cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus iasachtú a spreagadh ar mhaithe le poist agus fás a chruthú laistigh den Aontas.

---

[14] IO C […], […], lch. […].

[15] IO C , , lch. .

(3) Sa 'Phlean Gníomhaíochta chun Dul i nGleic le hIasachtaí Neamhthuillmheacha san Eoraip' uaithi i mí Iúil 2017, d'iarr an Chomhairle ar institiúidí éagsúla bearta cuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar an líon ard neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá ann san Aontas. Sa Phlean Gníomhaíochta, leagtar amach cur chuige cuimsitheach lena ndírítear ar mheascán gníomhartha comhlántacha beartais i gceithre réimse: (i) maoirseacht agus rialáil baincéireachta; (ii) athchóiriú a dhéanamh ar chreataí um athstruchtúrú, um dhócmhainneacht agus um aisghabháil fiachais; (iii) margaí tánaisteacha a fhorbairt do shócmhainní tochsail; (iv) athstruchtúrú an chórais bhaincéireachta a chothú. Déanfar gníomhartha sna réimsí sin ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, de réir mar is cuí. D'fhógair an Coimisiún rún den chineál céanna sa 'Teachtaireacht maidir leis an Aontas Baincéireachta a chur i gcrích' uaidh an 11 Deireadh Fómhair 2017[16], inar iarradh go dtabharfaí pacáiste cuimsitheach isteach i leith dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha laistigh den Aontas.

(4) Is iad Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013[17] agus Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013[18] an creat dlí lena rialaítear na rialacha stuamachta le haghaidh institiúidí. Is é atá i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 forálacha is infheidhme go díreach ar institiúidí maidir lena gcistí dílse a chinneadh, i measc nithe eile. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach na rialacha stuamachta reatha maidir le cistí dílse atá i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlánú trí fhorálacha a chur leo lena gceanglófar asbhaint ó chistí dílse i gcás nach mbeidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha cumhdaithe go leordhóthanach le soláthairtí ná le coigeartuithe eile ann. Go héifeachtach, is é a bheadh i gceist leis sin cúlstop stuamachta a chruthú le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha, rud a mbeadh feidhm aonfhoirmeach aige maidir le gach institiúid san Aontas.

(5) Níor cheart an cúlstop stuamachta cosc a chur ar údaráis inniúla a gcumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE. I gcás ina bhfaighidh údaráis inniúla amach ar bhonn cáis ar chás gurb amhlaidh, beag beann ar chur i bhfeidhm an chúlstop stuamachta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha a bhunaítear leis an Rialachán seo, nach bhfuil na neamhchosaintí neamhthuillmheacha de chuid institiúide ar leith cumhdaithe go leordhóthanach, féadfaidh siad leas a bhaint as na cumhachtaí maoirseachta a bheartaítear i dTreoir 2013/36/AE, lena n-áirítear an chumhacht dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(d) den Treoir sin.

(6) Chun críocha an cúlstop a chur i bhfeidhm, tá sé iomchuí sraith shoiléir coinníollacha a thabhairt isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha a aicmiú. Ós rud é go leagtar síos cheana le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún critéir maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun críocha tuairiscithe maoirseachta, tá sé iomchuí go gcuirfidh an t-aicmiú ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha leis an gcreat reatha sin.

---

16 COM(2017) 592 final, 11.10.2017.

17 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

18 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, IO L 191, 28.6.2014, lch. 1.

Tagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún do neamhchosaintí a mhainnigh mar a shainmhínítear chun críocha ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa agus neamhchosaintí creidmheasa a bhearnaítear de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme. Toisc go bhféadfadh bearta staonta tionchar a imirt ar cé acu a aicmeofar nó nach n-aicmeofar neamhchosaint mar neamhchosaint neamhthuillmheach, is ag gabháil leis na critéir aicmiúcháin atá critéir shoiléire maidir le tionchar na mbeart staonta. Ós rud é go bhféadfadh cúiseanna agus iarmhairtí difriúla a bheith i gceist le bearta staonta, tá sé cuí a fhoráil nár cheart, de bharr beart staonta a dheonófar do neamhchosaint neamhthuillmheach, scor den neamhchosaint sin a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar dianchritéir scoir.

(7) Dá fhad neamhchosaint ina neamhchosaint neamhthuillmheach is ea is ísle dóchúlacht téarnaimh a luacha. Dá bhrí sin, ba cheart an sciar den neamhchosaint ar cheart é a bheith cumhdaithe le soláthairtí, le coigeartuithe eile nó le hasbhaintí a mhéadú le himeacht ama de réir féilire réamhshainithe.

(8) Tríd is tríd, is ísle an riosca a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe ná an riosca a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe toisc gurb amhlaidh, leis an gcosaint chreidmheasa lena n-urraítear an iasacht, go dtugtar don institiúid éileamh sonrach ar shócmhainn nó in aghaidh tríú páirtí, mar bhreis ar an éileamh ginearálta atá ag an institiúid in aghaidh an iasachtaí a mhainnigh. I gcás iasachta neamhurraithe, ní bheadh aon éileamh ar fáil cé is moite den éileamh ginearálta in aghaidh an iasachtaí a mhainnigh . Mar gheall ar an riosca níos airde a bhaineann le hiasachtaí neamhurraithe, ba cheart féilire níos déine a chur i bhfeidhm ina leith. Maidir le neamhchosaint nach bhfuil cumhdaithe ach go páirteach le comhthaobhacht, ba cheart an chuid atá cumhdaithe le comhthaobhacht agus an chuid nach bhfuil cumhdaithe le comhthaobhacht a bheith neamhurraithe.

(9) Ba cheart féilire difriúil a chur i bhfeidhm ag brath ar cé acu atá an neamhchosaint neamhthuillmheach mar go bhfuil an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá nó atá sí neamhthuillmheach ar chúiseanna eile. Ba cheart an ceanglas cumhdaigh íosta a bheith níos airde sa chéad chás toisc nach bhfuair an institiúid aon íocaíocht ón oibleagáideoir thar thréimhse fhada. Sa dara cás, níor cheart aon cheanglas cumhdaigh iomláin a bheith ann toisc go bhfuil aisíocaíocht á déanamh go fóill nó go bhfuil dóchúlacht níos airde ann go ndéanfar aisíocaíocht.

(10) I gcás ina n-aicmeofar neamhchosaint mar neamhchosaint neamhthuillmheach ar chúiseanna seachas í a bheith thar téarma níos faide ná 90 lá agus ina n-éireoidh sí thar téarma níos faide ná 90 lá ina dhiaidh sin, ba cheart í a chur faoi réir an fhéilire níos déine is infheidhme i leith neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 90 lá. Níor cheart an féilire nua a bheith aisghníomhach agus ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta a éireoidh an neamhchosaint thar téarma níos faide ná 90 lá. Mar sin féin, ba cheart an fachtóir a chuirfear i bhfeidhm a bheith ar an bhfachtóir a bheadh infheidhme dá mba rud é go raibh an neamhchosaint aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach ón tús toisc go raibh sí thar téarma níos faide ná 90 lá.

(11) Chun a áirithiú go leanfar de chur chuige stuama le linn neamhchosaintí neamhthuillmheacha na n-institiúidí a luacháil ó thaobh cosaint chreidmheasa de, ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le modheolaíocht choiteann a thabhairt isteach, go háirithe maidir le toimhdí a bhaineann le hin-aisghabhálacht agus le hin-fhorfheidhmitheacht, agus an mhodheolaíocht sin a

fhorbairt ansin, más gá, agus ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar cheanglais íosta maidir le hathluacháil ó thaobh uainithe de a chur ar áireamh inti.

(12) Chun aistriú réidh a éascú chuig an gcúlstop stuamachta nua sin, níor cheart na rialacha nua a chur i bhfeidhm i leith neamhchosaintí a thionscnófar roimh an 14 Márta 2018. Tá sé curtha in iúl go poiblí ag an gCoimisiún arís agus arís eile go bhfuil sé beartaithe aige cúlstop stuamachta a thabhairt isteach le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Amhail ó dháta an togra reachtaigh, ba cheart dóthain soiléire a bheith ann d'institiúidí agus do pháirtithe leasmhara eile maidir leis an dóigh a gcuirfí i bhfeidhm an cúlstop stuamachta atá beartaithe ag an gCoimisiún.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013*

(1) cuirtear an pointe (m) seo a leanas le hAirteagal 36:

'(m) méid infheidhme an chumhdaigh neamhdhóthanaigh le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha.';

(2) cuirtear isteach na hAirteagail 47a, 47b agus 47c seo a leanas:

*'Airteagal 47a*

*Neamhchosaintí neamhthuillmheacha*

1. Chun críocha Airteagal 36(1)(m), áireofar le 'neamhchosaint' aon cheann de na hítimí seo a leanas, ar choinníoll nach gcuirtear iad ar áireamh i leabhar trádála na hinstitiúide:

(a) ionstraim fiachais, lena n-áirítear urrús fiachais, iasacht, airleacan, iarmhéid airgid i mbanc ceannais agus aon taisce phrapéilimh eile;

(b) ceangaltas iasachta a tugadh, ráthaíocht airgeadais a tugadh nó aon cheangaltas eile a tugadh, is cuma cé acu atá sé inchúlghairthe nó neamh-inchúlghairthe.

2. Chun críocha Airteagal 36(1)(m), beidh luach neamhchosanta aon ionstraime fiachais cothrom leis an luach cuntasaíochta atá uirthi, rud <u>a thomhaisfear gan an méid seo a chur san áireamh;</u> aon choigeartuithe sonracha riosca creidmheasa, coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 agus Airteagal 105, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m) nó laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an neamhchosaint.

Chun críocha Airteagal 36(1)(m), beidh luach neamhchosanta aon cheangaltais iasachta a thugtar, aon ráthaíochta airgeadais a thugtar nó aon cheangaltas eile a thugtar cothrom leis an luach ainmniúil atá air nó uirthi, rud a bheidh cothrom le neamhchosaint uasta na hinstitiúide ar riosca creidmheasa gan aird a thabhairt ar aon chosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe. Go háirithe,

(a) beidh luach ainmniúil aon ráthaíochtaí airgeadais a tugadh cothrom leis an méid uasta a bhféadfadh a mbeadh ar an eintiteas a íoc dá nglaofaí an ráthaíocht;

(b) beidh luach ainmniúil aon cheangaltas iasachta cothrom leis an méid neamhtharraingthe ar gheall an institiúid go dtabharfadh sí ar iasacht é.

Ní chuirfear san áireamh leis an luach ainmniúil dá dtagraítear sa dara fomhír aon choigeartú sonrach riosca creidmheasa, aon choigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus Airteagal 105, ar mhéideanna a aisbhainfear i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m) nó ar laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an neamhchosaint.

3. Chun críocha Airteagal 36(1)(m), aicmeofar na neamhchosaintí seo a leanas mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha:

(a) neamhchosaint ar ina leith a mheastar go raibh mainneachtain ann i gcomhréir le hAirteagal 178;

(b) neamhchosaint a mheastar a bheith lagaithe i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(c) neamhchosaint atá faoi phromhadh de bhun mhír 7, i gcás inar deonaíodh bearta staonta breise nó ina bhfuil an neamhchosaint thar téarma níos faide ná 30 lá;

(d) neamhchosaint atá i bhfoirm ceangaltais a mbeadh baol ann nach n-aisíocfaí ina hiomláine é gan comhthaobhacht a réadú dá dtarraingeofaí anuas é nó dá n-úsáidfí ar shlí eile é;

(e) neamhchosaint atá i bhfoirm ráthaíochta airgeadais a bhfuil baol ann go nglaofaidh an páirtí ráthaithe í, lena n-áirítear i gcás ina gcomhlíonann an neamhchosaint ráthaithe fholuiteach na critéir maidir le í a mheas a bheith neamhthuillmheach.

Chun críche phointe (a), is amhlaidh, i gcás ina mbeidh neamhchosaintí sa chlár comhardaithe ag institiúid ar oibleagáideoir, ar neamhchosaintí iad atá thar téarma níos faide ná 90 lá agus atá freagrach as níos mó ná 20 % de na neamhchosaintí uile sa chlár comhardaithe ar an oibleagáideoir sin, measfar gach neamhchosaint sa chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe ar an oibleagáideoir sin a bheith thar téarma níos faide ná 90 lá.

4. Maidir le neamhchosaintí nach bhfuil faoi réir aon bhirt staonta, scoirfear de iad a aicmiú mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun críocha Airteagal 36(1)(m) i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann an neamhchosaint na critéir imeachta a chuireann an institiúid i bhfeidhm le haghaidh scor de neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint lagaithe i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme agus le haghaidh scor de neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178;

(b) tá an oiread sin feabhais tagtha ar staid an oibleagáideora gur deimhin leis an institiúid gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil;

(c) ní ag an oibleagáideoir aon mhéid atá thar téarma níos faide ná 90 lá.

5. Ní scoirfear de neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach chun críocha Airteagal 36(1)(m) i gcás ina n-aicmeofar neamhchosaint neamhthuillmheach mar shócmhainn neamhreatha atá á sealbhú lena díol i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

6. Maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá faoi réir bearta staonta, scoirfear de iad a aicmiú mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun críocha Airteagal 36(1)(m) i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá scortha ag na neamhchosaintí sin de bheith i staid a d'fhágfadh go n-aicmeofaí iad mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha faoi mhír 3;

(b) tá bliain amháin ar a laghad imithe thart ón tráth a deonaíodh na bearta staonta nó ón tráth a aicmíodh na neamhchosaintí mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha, cibé tráth acu is déanaí;

(c) níl aon mhéid thar téarma ann tar éis na mbeart staonta nó is deimhin leis an institiúid, bunaithe ar an anailís ar staid airgeadais an oibleagáideora, gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil i leith na neamhchosanta.

Chun críocha phointe (c), féadfar a mheas gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil i gcás ina ndéanann an t-oibleagáideoir íocaíochtaí rialta tráthúla atá cothrom le ceann amháin díobh seo a leanas:

(i) an méid a bhí thar téarma sular deonaíodh an beart staonta, i gcás ina raibh méideanna thar téarma ann;

(ii) an méid a díscríobhadh faoi na bearta staonta a deonaíodh, i gcás nach raibh aon mhéideanna thar téarma ann.

7. I gcás ina scoirfear de neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach de bhun mhír 6, beidh an neamhchosaint sin faoi phromhadh go dtí go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) chuaigh dhá bhliain ar a laghad thart ón dáta a athaicmíodh an neamhchosaint staonta mar neamhchosaint thuillmheach;

(b) rinneadh íocaíochtaí rialta tráthúla le linn leath na tréimhse ar a laghad ina raibh an neamhchosaint faoi phromhadh, rud a d'fhág gur íocadh méid comhiomlán suntasach príomhshuime nó úis;

(c) níl aon cheann de na neamhchosaintí ar an oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 30 lá.

*Airteagal 47b*
*Bearta staonta*

1. Chun críocha Airteagal 47a, áireofar le 'beart staonta' aon lamháltas a dhéanfaidh institiúid i leith oibleagáideoir a bhfuil meathlú tagtha ar a staid airgeadais nó ar dócha go dtiocfaidh meathlú ar a staid airgeadais. D'fhéadfadh caillteanas don iasachtóir a bheith i gceist le lamháltas agus bainfidh sé le ceann amháin de na gníomhartha seo a leanas:

(a) athrú ar théarmaí agus coinníollacha oibleagáide fiachais, i gcás nach ndeonófaí athrú den sórt sin dá mba rud é nár tháinig meathlú ar staid airgeadais an oibleagáideora ann;

(b) athmhaoiniú iomlán nó páirteach oibleagáide fiachais, i gcás nach ndeonófaí athmhaoiniú den sórt sin dá mba rud é nár tháinig meathlú ar staid airgeadais an oibleagáideora ann.

2. Chun críche mhír 1, measfar gur bearta staonta iad na staideanna seo a leanas ar a laghad:

(a) téarmaí conartha nua atá níos fabhraí don oibleagáideoir ná na téarmaí conartha roimhe;

(b) téarmaí conartha nua atá níos fabhraí don oibleagáideoir ná na téarmaí conartha a thairg an institiúid chéanna d'oibleagáideoirí a raibh próifíl riosca den chineál céanna acu ag an am sin;

(c) bhí an neamhchosaint faoi na téarmaí conartha tosaigh aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach sula ndearnadh an t-athrú ar na téarmaí conartha nó bheadh an neamhchosaint aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach dá mba rud é nach ndearnadh aon athrú ar na téarmaí conartha;

(d) is é an toradh atá ar an mbeart gur cuireadh an oibleagáid fiachais iomlán nó cuid di ar ceal;

(e) ceadaíonn an institiúid feidhmiú clásal lena gcumasaítear don oibleagáideoir téarmaí an chonartha a athrú agus bhí an neamhchosaint aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach sular feidhmíodh na clásail sin, nó d'aicmeofaí an neamhchosaint mar neamhchosaint neamhthuillmheach mura bhfeidhmeofaí na clásail sin;

(f) tráth a deonaíodh an fiachas, nó gar don tráth sin, rinne an t-oibleagáideoir íocaíochtaí príomhshuime nó úis ar oibleagáid fiachais eile leis an institiúid chéanna, ar oibleagáid í a bhí aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach nó a bheadh aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach mura ndéanfaí na híocaíochtaí sin;

(g) is é atá i gceist leis an athrú ar théarmaí an chonartha aisíocaíochtaí a dhéanamh trí sheilbh a ghlacadh ar chomhthaobhacht, i gcás inarb ionann athrú den sórt sin agus lamháltas.

3. Chun críche mhír 1, tá na himthosca seo a leanas ina dtáscairí á léiriú go bhféadfadh gur glacadh bearta staonta:

(a) bhí an conradh tosaigh thar téarma níos faide ná 30 lá uair amháin ar a laghad le linn na dtrí mhí sula ndearnadh athrú air nó bheadh sé thar téarma níos faide ná 30 lá mura ndéanfaí aon athrú air;

(b) tráth a tugadh an comhaontú creidmheasa chun críche, nó gar don tráth sin, rinne an t-oibleagáideoir íocaíochtaí príomhshuime nó úis ar oibleagáid fiachais eile leis an institiúid chéanna, ar oibleagáid í a bhí thar téarma níos faide ná 30 lá uair amháin ar a laghad le linn na dtrí mhí sular deonaíodh an fiachas nua;

(c) ceadaíonn an institiúid feidhmiú clásal lena gcumasaítear don oibleagáideoir téarmaí an chonartha a athrú agus tá an neamhchosaint thar téarma 30 lá nó bheadh an neamhchosaint thar téarma 30 lá mura bhfeidhmeofaí na clásail sin.

4. Chun críocha an Airteagail seo, déanfar an meathlú ar staid airgeadais oibleagáideora a mheas ar leibhéal an oibleagáideora, agus aird á tabhairt ar na heintitis dhlíthiúla uile atá i ngrúpa an oibleagáideora agus a thagann faoi chomhdhlúthú cuntasaíochta an ghrúpa agus na ndaoine nádúrtha a rialaíonn an grúpa sin.

*Airteagal 47c*

*Asbhaint le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha*

1. Chun críocha Airteagal 36(1)(m), is tríd an méid a chinnfear i bpointe (b) a dhealú ón méid a chinnfear i bpointe (a) a chinnfidh institiúidí an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha a asbhainfear ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

(a) suim:

(i) an chuid neamhurraithe de gach neamhchosaint neamhthuillmheach, más ann di, arna hiolrú faoin bhfachtóir is infheidhme dá dtagraítear i mír 2;

(ii) an chuid urraithe de gach neamhchosaint neamhthuillmheach, más ann di, arna hiolrú faoin bhfachtóir is infheidhme dá dtagraítear i mír 3;

(b) suim na n-ítimí seo a leanas ar choinníoll go mbaineann siad le neamhchosaint neamhthuillmheach shonrach:

(i) coigeartuithe sonracha ar riosca creidmheasa;

(ii) coigeartuithe breise ar luacha i gcomhréir le hAirteagail 34 agus Airteagal 105;

(iii) laghduithe eile ar chistí dílse;

(iv) i gcás institiúidí a ríomhann na méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca de trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha, dearbhluach na méideanna arna n-asbhaint de bhun phointe (d) d'Airteagal 36(1) a bhaineann le neamhchosaintí neamhthuillmheacha, i gcás ina gcinnfear an dearbhluach is inchurtha i leith gach neamhchosanta neamhthuillmhí trí na méideanna arna n-asbhaint de bhun phointe (d) d'Airteagal 36(1) a iolrú faoin rannchuidiú a dhéanfaidh an méid caillteanais ionchasaigh le haghaidh na neamhchosanta neamhthuillmhí maidir leis na méideanna iomlána caillteanais ionchasaigh le haghaidh neamhchosaintí a mhainnigh nó nár mhainnigh, de réir mar is infheidhme.

Is í an chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach an chuid de neamhchosaint den sórt sin atá cumhdaithe le cosaint chreidmheasa chistithe nó le cosaint chreidmheasa neamhchistithe i gcomhréir le Caibidil 3 agus Caibidil 4 de Theideal II.

Comhfhreagraíonn an chuid neamhurraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach don difríocht, más ann di, idir luach na neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 47a(1) agus an chuid urraithe den neamhchosaint, más ann di.

2. Beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas chun críocha mhír 1(a)(i):

(a) 0.35 don chuid neamhurraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir bliain amháin agus dhá bhliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(b) 0.28 don chuid neamhurraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir bliain amháin agus dhá bhliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(c) 1 don chuid neamhurraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den dara bliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(d) 0.8 don chuid neamhurraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den dara bliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

3. Beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas chun críocha mhír 1(a)(ii):

(a) 0.05 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir bliain amháin agus dhá bhliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(b) 0.04 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir bliain amháin agus dhá bhliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(c) 0.1 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir dhá bhliain agus trí bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(d) 0.08 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir dhá bhliain agus trí bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(e) 0.175 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir trí bliana agus ceithre bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(f) 0.14 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir trí bliana agus ceithre bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(g) 0.275 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir ceithre bliana agus cúig bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(h) 0.22 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir ceithre bliana agus cúig bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(i) 0.4 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir cúig bliana agus sé bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(j) 0.32 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir cúig bliana agus sé bliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(k) 0.55 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir sé bliana agus seacht mbliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(l) 0.44 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir sé bliana agus seacht mbliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(m) 0.75 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir seacht mbliana agus ocht mbliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(n) 0.6 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir seacht mbliana agus ocht mbliana tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann;

(o) 1 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás ina mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá;

(p) 0.8 don chuid urraithe de neamhchosaint neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach, i gcás nach mbeidh an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá ann.

4. Chun an fachtóir is infheidhme i leith na coda urraithe nó neamhurraithe de neamhchosaint dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 a chinneadh, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh neamhchosaint aicmithe ina neamhchosaint neamhthuillmheach ar chúiseanna seachas í a bheith thar téarma níos faide ná 90 lá agus ina n-éireoidh sí thar téarma níos faide ná 90 lá ina dhiaidh sin, láimhseálfar í, ón dáta a éireoidh sí thar téarma níos faide ná 90 lá, amhail is dá mbeadh sí thar téarma níos faide ná 90 lá ar an dáta a aicmíodh mar neamhchosaint neamhthuillmheach í;

(b) maidir le neamhchosaint atá aicmithe mar neamhchosaint neamhthuillmheach mar go bhfuil sí thar téarma níos faide ná 90 lá, láimhseálfar mar neamhchosaint neamhthuillmheach í go dtí go scoirfear de í a aicmiú mar neamhchosaint neamhthuillmheach i gcomhréir le mír 4 agus mír 6 d'Airteagal 47a, is cuma cé acu a d'aisíoc nó nár aisíoc an t-oibleagáideoir méideanna atá thar téarma;

(c) maidir le neamhchosaint atá aicmithe ina neamhchosaint neamhthuillmheach mar go bhfuil sí thar téarma níos faide ná 90 lá agus a bhainfidh tairbhe as

bearta staonta ina dhiaidh sin, láimhseálfar í go fóill mar neamhchosaint atá thar téarma níos faide ná 90 lá;

(d) is i gcomhréir le hAirteagal 178 a chinnfear cé acu atá nó nach bhfuil neamhchosaint thar téarma níos faide ná 90 lá.

5. Déanfaidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach measúnú ar an raon cleachtas a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe a luacháil agus féadfaidh sé treoirlínte a fhorbairt chun modheolaíocht choiteann a shonrú, lena n-áirítear ceanglais íosta fhéideartha le haghaidh athluacháil ó thaobh modhanna uainithe agus modhanna *ad hoc* de, le haghaidh luacháil stuamachta a dhéanamh ar chineálacha incháilithe cosanta creidmheasa cistithe agus neamhchistithe, go háirithe maidir le toimhdí a bhaineann le hin-aisghabhálacht agus le hin-fhorfheidhmitheacht.

Eiseofar na treoirlínte sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 111(1):

'1. Beidh luach neamhchosanta aon ítime sócmhainne cothrom leis an luach cuntasaíochta atá uirthi tar éis coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa, coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 agus Airteagal 105, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m) agus laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an ítim shócmhainne a chur i bhfeidhm. Beidh luach neamhchosanta aon ítime lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom leis an gcéatadán seo a leanas dá luach ainmniúil tar éis coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa a laghdú agus méideanna a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m):';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 127:

'1. I gcás na coda neamhurraithe d'aon ítim ar ina leith a mhainnigh an t-oibleagáideoir i gcomhréir le hAirteagal 178 nó, i gcás neamhchosaintí miondíola, sannfar ualú riosca atá cothrom leis na nithe seo a leanas don chuid neamhurraithe d'aon saoráid chreidmheasa a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178:

(a) 150 %, i gcás ina mbeadh suim na gcoigeartuithe sonracha riosca creidmheasa agus na méideanna a asbhaineadh i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m) níos lú ná 20 % den chuid neamhurraithe de luach na neamhchosanta dá mba rud é nár cuireadh na coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa agus na hasbhaintí sin i bhfeidhm;

(b) 100 %, i gcás nach mbeadh suim na gcoigeartuithe sonracha riosca creidmheasa agus na méideanna a asbhaineadh i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m) níos lú ná 20 % den chuid neamhurraithe de luach na neamhchosanta dá mba rud é nár cuireadh na coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa agus na hasbhaintí sin i bhfeidhm.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 159:

*'Airteagal 159*
*Láimhseáil méideanna caillteanais ionchasaigh*

Dealóidh institiúidí na méideanna caillteanais ionchasaigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158 (5), (6) agus (10) ó na coigeartuithe ginearálta agus sonracha riosca creidmheasa agus ó choigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 agus

Airteagal 110 agus laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis na neamhchosaintí sin, ach amháin i gcás na n-asbhaintí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 36(1)(m). Láimhseálfar lascainí ar neamhchosaintí sa chlár comhardaithe arna gceannach agus iad ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 166(1) ar an mbealach céanna a láimhseálfar coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa. Ní úsáidfear coigeartuithe sonracha riosca creidmheasa ar neamhchosaintí ar mainneachtain chun méideanna caillteanais ionchasaigh ar neamhchosaintí eile a chumhdach. Ní áireofar sa ríomh seo méideanna caillteanais ionchasaigh le haghaidh neamhchosaintí urrúsaithe agus le haghaidh coigeartuithe ginearálta agus sonracha riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí sin.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) d'Airteagal 178(1):

'(b) tá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá maidir le haon oibleagáid chreidmheasa ábhartha i leith na hinstitiúide, an mháthairghnóthais nó ceann ar bith dá fochuideachtaí. Féadfaidh údaráis inniúla 180 lá a chur in ionad an 90 lá i gcás neamhchosaintí atá urraithe le réadmhaoin chónaithe nó le maoin dhochorraithe tráchtála de chuid fiontair bhig agus mheánmhéide atá in aicme na neamhchosanta miondíola agus i gcás neamhchosaintí ar eintitis earnála poiblí. Ní bheidh feidhm ag an 180 lá chun críocha Airteagal 36(1)(m) nó Airteagal 127.';

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 469a seo a leanas:

*'Airteagal 469a*
*Maolú ar asbhaintí ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha*

De mhaolú ar Airteagal 36(1)(m), ní dhéanfaidh institiúidí an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme i leith neamhchosaintí neamhthuillmheacha a asbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar tabhaíodh an neamhchosaint roimh an 14 Márta 2018.

I gcás ina ndéanfaidh institiúid téarmaí agus coinníollacha aon neamhchosanta a tabhaíodh roimh an 14 Márta 2018 a athrú ar bhealach a mhéadóidh neamhchosaint na hinstitiúide ar an oibleagáideoir, measfar gur tabhaíodh an neamhchosaint ar an dáta atá feidhm ag an athrú agus scoirfear í de bheith faoi réir an mhaolaithe dá bhforáiltear sa chéad fhomhír.'.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*